

14) Má thugtar freagra dearfach ar aon cheann de na ceisteanna 1-4, 5-8, 9-12, agus Ceist 13 go háirithe, an bhfuil Airteagal 19(1) CAE (prionsabal na cosanta dlíthiúla éifeachtaí) i gcomhar le hAirteagal 2 CAE, go háirithe maidir leis an bprionsabal go n-urramaítear an smacht reachta mar a léirítear é i gcásdlí na Cúirte (breithiúnas an 21 Nollaig 2021, Cásanna Uamtha C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, *Înalta Curte de Casație și Justiție i Tribunalul Bihor*, EU:C:2021:1034), agus prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh a leagtar síos sa dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, mar a léirítear é le cásdlí na Cúirte Breithiúnais (breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juizes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117), a léiríú sa chaoi gcuirtear leis na prionsabail sin, i bhfianaise go bhféadfaí brú indéach a bheith ar bhreithiúna agus go bhféadfadh an tArd-Ionchúisitheoir treoracha ceangailteacha a eisiúint maidir le hoifig an ionchúisitheora phoiblí, cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena ndearbhaítear go bhfuil Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí ag brath ar údarás feidhmiúcháin, amhail an tAire Dlí agus Cirt, agus go gcuirtear srian chomh maith leo ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear teorainn le neamhspleáchas na gcúirteanna agus neamhspleáchas an ionchúisitheora phoiblí agus dlí an Aontais á chur i bhfeidhm, go háirithe:

- (a) Airteagal 130(1) den Ustawa z dnia 27 lipca 2001 roku o ustroju sądów powszechnych (Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna an 27 Iúil 2001) lena gceadaítear don Aire Dlí agus Cirt, i dtaca le hoibleagáid an ionchúisitheora phoiblí cás a thuairisciú ina rialaíonn cúirt ar fheidhmiú dhlí an Aontais, chun briseadh láithreach ar ghníomhaíochtaí breithimh a ordú go dtí go dtabharfaidh cúirt araíonachta cinneadh, nach faide ná mí amháin, más rud é, mar gheall ar chineál an ghnímh a rinne an breitheamh agus mar gheall ar chur i bhfeidhm díreach ar dhlí an Aontais, go measann an tAire Dlí agus Cirt go bhfuil gá lena leithéid i bhfianaise stuamacht na cúirte nó leas bunriachtanacha na seirbhíse;
- (b) Airteagail 1(2), 3(1)(1) agus (3), 7(1) go (6) agus (8) agus 13(1) agus (2) den Ustawa z dnia 28 stycznia 2016 roku Prawo o prokuraturze (Dlí maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí an 28 Eanáir 2016), lenar féidir, arna léamh i gcomhar lena chéile, leis an tAire Dlí agus Cirt, arb é an tArd-Ionchúisitheoir é agus an oifig an Ionchúisitheora phoiblí uachtarach araon, treoracha a eisiúint a bheadh ceangailteach ar fho-ionchúisitheoirí poiblí freisin a mhéid a chuireann siad srian nó bac ar chur i bhfeidhm díreach ar dhlí an Aontais?

(¹) IO 2016 L 132, lch. 1.
(²) IO 2013 L 294, lch. 1
(³) IO 2012 L 142, lch. 1
(⁴) IO 2016 L 65, lch. 1.

Achomharc arna thabhairt an 23 Meán Fómhair 2022 ag Tigercat International Inc. i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra) a tugadh an 13 Iúil 2022 i gcás T-251/21, Tigercat International Inc. v EUIPO

(Cás C-612/22 P)

(2023/C 24/31)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Tigercat International Inc. (ionadaithe: B. Führmeyer, Rechtsanwalt, E. B. Matthes, Rechtsanwalt)

Páirtithe eile sna himeachtaí: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Caterpillar Inc.

Trí ordú an 05 Nollaig 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnas (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár chóir ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh sí do Tigercat International Inc. a chostais féin a íoc.